dúchas.ie

# LÁ FHÉILE BRÍDE





(íomhá thuas: Brídeoga i gCill Áirne, Co. Chiarraí)

CROSÓGA BHRÍDE

dúchas.ie



Deineadh múnlaí éagsúla de chrosanna, de **luachair** nó de thuí, in onóir do Naomh Bríd.




‘Cuirtí suas os cionn **dorais** gach uile **sheomra** san teach iad ionas go mbeadh a raibh san teach faoi choimirce **Bhríde** i rith na bliana sin’

*(Loch Measca,*
*Maigh Eo tuilleadh eolais)*

# BRÍDEOGA

‘Téann dreama buachaillí thart ó thigh go tigh le “**Brídeoga**” an oíche sin.

Cuireann na buachaillí seanéadaí agus púicíní orthu agus **ní bhíonns fhios** ag na daoine **cé hiad a bhíonns ann**.


Bíonn gléas ceoil éicint ag gach dream agus damhsann siad dreas i ngach tigh’

*(Cromghlinn, Gaillimh [tuilleadh eolais](#))*




© National Folklore Collection

*‘Brídeoga’, Cill Ghobnait, Co. Chiarraí*




onal Folklore Collection

dúchas.ie

Dáileadh thraidisiún na nBrídeog i lár na fichiú haoise.

# BRAT BRÍDE

dúchas.ie

‘An oíche roimh **Lá Fhéile Bríde** cuirtear Brat Bríde amach agus fágtar amuigh **i rith na hoíche** é.

Tógtar isteach é ar maidin agus dá mbeadh tinneas cinn ar aoinne sa tigh sin i rith na bliana agus an brat do chur timpeall ar a cheann deirtear go bhfuil **leigheas** ann’

*(Baile Mhac Airt, Port Láirge, tuilleadh eolais).*

onal Folklore Collection

‘Brat Bríde’ a tugadh ar **phíosa éadaigh** a fágadh taobh amuigh den teach ar **oíche Fhéile Bríde.**

dúchas.ie




Creideadh go raibh **leigheas** ar **phianta** agus **cosaint ó chontúirt** le fáil san éadach seo.

# SCÉALTA EILE AR dúchas.ie (NAISC INCHLICEÁILTE):

**Naomh Bríd**

Oíche Fhéile Bríde

**Lá Fhéile Bríde**

Na Nósanna a Théann le Lá Fhéile Bríde

**Crios Bríde**

Crosóg Bhríde

